Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13077/22**

**AGRI 492**
**AGRIORG 98**
**WTO 179**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil<br>*- Malartú tuairimí* |

Ag féachaint don chruinniú a bheidh ag an gComhairle 'Talmhaíocht agus Iascach' an 17-18 Deireadh Fómhair 2022, gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad cúlra chun cabhrú leo agus iad ag ullmhú don phlé ar an bpointe thuasluaite.

**IARSCRÍBHINN**

**Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil**

1. Is príomhghníomhaí é an tAontas Eorpach i ndáil le trádáil i dtáirgí talmhaíochta, agus déanann Comhairle AGRI/FISH plé ar an staid reatha go rialta, lena n-áirítear staid na caibidlíochta trádála déthaobhaí agus iltaobhaí. Phléigh na hairí talmhaíochta an trádáil mar shaincheist chothrománach go deireanach i mí Eanáir 2022, agus ó shin i leith phléigh na hairí saincheisteanna níos sonraí a bhaineann le, mar shampla, Comhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála, G20 agus trádáil leis an Úcráin. Tugtar achoimre sa nóta seo ar na forbairtí is déanaí agus is ábhartha agus is é is aidhm dó cabhrú leis an ullmhúchán do phlé na n-airí.

2. Roimh an gcogadh, **bhí an Úcráin ar cheann de na honnmhaireoirí is mó ar domhan i gcás go leor táirgí talmhaíochta**, lena n-áirítear ola lus na gréine (50 % d'onnmhairí domhanda), arbhar Indiach agus cruithneacht. Chuaigh 90 % dá n-onnmhairiú grán agus síolta ola trína gcalafoirt ar an Muir Dhubh. D'fhág fogha agus imshuí na Rúise ar na calafoirt seo go raibh sé beagnach dodhéanta onnmhairiú uathu, rud a d'fhág go raibh an baol ann go gcuirfí amú na milliúin tona gráin, agus go mbeadh ganntanas acmhainne stórála don fhómhar ina dhiaidh sin i gceist chomh maith. Agus na Lánaí Dlúthpháirtíochta curtha ar bun, chomh maith le 'Tionscnamh Grán na Mara Duibhe de chuid na Náisiún Aontaithe', is féidir leis an Úcráin níos mó ná 18 milliún tona de ghrán, de léagúim, de shíolta ola agus de tháirgí próiseáilte a onnmhairiú faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair. Níl an dá thionscnamh in iomaíocht lena chéile, ach comhlánaíonn siad a chéile, agus táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar thábhacht na Lánaí Dlúthpháirtíochta agus dlús á chur leis an trádáil dhéthaobhach agus le hatógáil na hÚcráine. Tá aird an tsaoil mhóir dírithe ar cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar tionscnamh na Mara Duibhe a athnuachan, tionscnamh a dtacaíonn an tAontas go hiomlán leis.

3. Chun **tuilleadh tacaíochta a thabhairt do gheilleagar na hÚcráine agus do tháirgeoirí na hÚcráine** atá buailte ag ionsaí na Rúise, thug an tAontas bearta isteach lenar ceadaíodh léirscaoileadh trádála iomlán sealadach agus fionraí beart cosanta trádála. Beidh na bearta sin i bhfeidhm go ceann bliana, go dtí an 5 Meitheamh 2023, agus tacóidh siad le feirmeoirí na hÚcráine agus lena hearnáil agraibhia nuair a chuirfear bac ar bhealaí onnmhairiúcháin eile. Tá imní curtha in iúl ag roinnt Ballstát go bhfuil tionchar diúltach ag an méadú a tháinig ina dhiaidh sin ar allmhairí táirgí áirithe, go háirithe éineoil agus uibheacha, ar tháirgeoirí áirithe de chuid an Aontais. Tá méadú tagtha freisin ar allmhairí ón Úcráin i gcás earraí a bhí saor ó dhleacht cheana féin, ach nach féidir iad a onnmhairiú a thuilleadh chuig tíortha eile mar gheall ar an trádbhac agus dúnadh chalafoirt na Mara Duibhe. Tá gealltanas tugtha ag an gCoimisiún súil ghéar a choinneáil ar chúrsaí agus tuairisciú don Chomhairle de réir mar is ábhartha i gcomhréir leis na forálacha faoi Rialachán (AE) 2022/870.

4. Rinneadh staidéar ar éifeachtaí carnacha agus ar **thionchar carnach na gComhaontuithe Saorthrádála**, agus i gcás staidéar nuashonraithe JRC, a tionscnaíodh in 2016, maidir le héifeachtaí carnacha eacnamaíocha na caibidlíochta trádála atá ar siúl faoi láthair agus atá ar na bacáin i ndáil le hearnáil talmhaíochta an Aontais[1], rinneadh é a chur faoi bhráid airí an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, rud a phléigh siad le linn físchomhdhálacha neamhfhoirmiúla i mí Eanáir agus i mí Aibreáin 2021.

5. Baineann an t-ábhar seo go dlúth leis an tsaincheist maidir leis **an tionchar ar an Aontas** a bhíonn ag comhaontuithe saorthrádála idir dhá thríú tír a bhfuil comhaontuithe saorthrádála ag an Aontas leo, amhail na comhaontuithe saorthrádála idir an Ríocht Aontaithe agus an Astráil, agus an Ríocht Aontaithe agus an Nua-Shéalainn. Chuir na Ballstáit in iúl gur spéis leo an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na comhaontuithe sin ar an Aontas Eorpach. Arna iarraidh sin ag cruinniú den Choiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST), gheall an Coimisiún go bhfiosródh sé an bhféadfaí anailís níos doimhne a dhéanamh ar thionchar na gcomhaontuithe sin ar an Aontas.

[1] JRC Publications Repository - Cumulative economic impact of trade agreements on EU agriculture (europa.eu)

6. Tugadh an chaibidlíocht maidir le comhaontú saorthrádála leis **an Nua-Shéalainn** chun críche an 30 Meitheamh 2022, agus beidh ar an gComhairle í a dhaingniú agus ar Pharlaimint na hEorpa í a ghlacadh. Leis an gComhaontú sin, cruthaítear caighdeán domhanda lena n-áirítear na gealltanais maidir le forbairt inbhuanaithe a eascraíonn as Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide, maidir le comhar chun an t-athrú aeráide a mhaolú, maidir le hinbhuanaitheacht na gcóras bia, agus maidir le leas ainmhithe. Ní hamháin go dtabharfaidh sé aghaidh ar ábhair imní na hinbhuanaitheachta sa trádáil ach cuirfidh sé tagairt thábhachtach ar fáil don Aontas le comhpháirtithe trádála eile freisin.

7. Tugadh an comhaontú le **Mercosur** i gcrích ar an leibhéal polaitiúil in 2019, agus tá athbhreithniú dlíthiúil ar an téacs ar siúl go fóill. Tugadh an chaibidlíocht maidir le comhaontú saorthrádála nuachóirithe le **Meicsiceo** chun críche cheana féin i mí na Bealtaine 2018, agus tugadh an chaibidlíocht maidir le comhaontú saorthrádála leis **an tSile** chun críche ar an leibhéal teicniúil i mí Dheireadh Fómhair 2021. Mar a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen ina haitheasc ar Staid an Aontais an 14 Meán Fómhair 2022, leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh chun an dá chomhaontú saorthrádála sin a thabhairt i gcrích agus a dhaingniú.

8. Maidir leis an gcaibidlíocht i ndáil le comhaontú saorthrádála leis **an India**, reáchtáladh an chéad bhabhta i nDeilí Nua idir an 27 Meitheamh agus an 1 Iúil 2022, agus rinneadh caibidlíocht chomhthreomhar maidir le cosaint infheistíochta agus tásca geografacha. Tá an dara babhta caibidlíochta maidir leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an India tar éis tarlú.

9. Tugadh spreagadh nua don chaibidlíocht leis **an Astráil** nuair a toghadh rialtas nua agus toisc an chomhthéacs pholaitiúil dhomhanda. Tá an 13ú babhta caibidlíochta maidir leis an gcomhaontú saorthrádála idir an tAontas agus an Astráil beartaithe do mhí Dheireadh Fómhair 2022.

10. Dealraíonn sé faoi láthair gur fhill **an trádáil leis an Ríocht Aontaithe** ar ais chuig na leibhéil a bhí ann roimh Brexit ó thaobh allmhairí chuig an Aontas ón Ríocht Aontaithe agus tháinig méadú 18 % ar onnmhairí an Aontais chuig an Ríocht Aontaithe sna chéad 6 mhí de 2022 i gcomparáid le leibhéil 2021.

11. Tá an Chomhairle ag an gcéim dheireanach de ghlacadh na **gConclúidí ón gComhairle maidir leis an Athbhreithniú ar Thrádáil agus Inbhuanaitheacht**[2].

[2] 13241/22, Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an Athbhreithniú ar Thrádáil agus Inbhuanaitheacht

12. Ar an **leibhéal idirnáisiúnta iltaobhach**, tá an plé fós dírithe ar shlándáil an tsoláthair bia mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin. Tá laghdú beag tagtha ar bhuaintí san Aontas in 2022 mar gheall ar dhálaí aimsire neamhfhabhracha, ach níl slándáil bia laistigh den Aontas i mbaol.

13. Bhí roinnt torthaí iltaobhacha ar an 12ú Comhdháil Aireachta (MC12) de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála. Bhí **Dearbhú na nAirí maidir leis an bhFreagairt Éigeandála ar Neamhshlándáil Bia** tráthúil chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní atá ann faoi láthair maidir le slándáil an tsoláthair bia, trí bhéim a leagan ar a thábhachtaí atá trádáil oscailte bia agus margaí feidhmiúla agus trína n-iarrtar ar na Feisirí srianta neamhriachtanacha onnmhairiúcháin a sheachaint. Ba é an toradh dearfach eile talmhaíochta an **Cinneadh maidir le ceannacháin bia an Chláir Dhomhanda Bia a dhíolmhú ó shrianta ar onnmhairiú chun críocha daonnúla**. Tá idir luach substainteach agus luach polaitiúil ag baint leis an gcinneadh sin. Agus é ag ullmhú don chéad Chomhdháil Aireachta eile, uimhir 13, leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach ar bhealach cuiditheach le Comhaltaí eile den Eagraíocht Dhomhanda Trádála d'fhonn an móiminteam a chruthaigh MC12 a choinneáil. Is dócha go mbeidh an talmhaíocht ar cheann de na príomhchomhaid ag MC13. Tá gá le cur chuige nua sa chaibidlíocht, lena n-aistreofaí, ar thaobh amháin, an bhallraíocht ón bplé atá ina stad, agus ar an taobh eile, lena ndéanfaí saincheisteanna práinneacha a bhaineann leis an tslándáil bia, an bhochtaineacht, an aeráid agus an comhshaol, gan dearmad a dhéanamh ar an táirgeadh inbhuanaithe, a chomhtháthú. Is léir don Aontas go bhfuil fiúntas ag baint leis an obair maidir le feabhas a chur ar thrédhearcacht sa talmhaíocht, go háirithe i réimsí amhail srianta ar onnmhairiú agus iomaíocht onnmhairiúcháin – rudaí a bhfuil an-ábharthacht ag baint leo sa phlé reatha maidir leis an tslándáil bia. Ar deireadh, leanfaidh an tAontas de bheith ag díriú ar an ngá atá le hathchóirithe ar thacaíocht a shaobhann an trádáil. Eagróidh Ard-Stiúrthóir na hEagraíochta Domhanda Trádála cruinniú cúlráide talmhaíochta an 24 Deireadh Fómhair 2022 ina dtabharfar aghaidh ar an mbealach chun cinn sa chaibidlíocht talmhaíochta.

14. Mar a pléadh ag Comhairle AGRI/FISH i mí an Mheithimh 2022, **ghlac an Coimisiún a thuarascáil 'cómhalartachta'**, a d'iarr an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa faoi chuimsiú ghlacadh CBT nua. Sa tuarascáil uaidh, shainaithin an Coimisiún trí réimse le haghaidh gníomhaíochta: eagraíochtaí idirnáisiúnta (go háirithe an Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus Codex Alimentarius), comhaontuithe déthaobhacha trádála agus bearta uathrialacha den Aontas. Tugann sí dá haire gur cheart don Aontas na trí cinn sin a úsáid, de réir mar is iomchuí, chun ardchaighdeáin chomhshaoil agus leasa ainmhithe a chur chun cinn.

**Focal scoir**

15. I bhfianaise na bhforbairtí sin, ba thráthúil don Chomhairle plé a sheoladh ar threo chaidreamh trádála an Aontais le tríú tíortha i ndáil leis an talmhaíocht, ar an leibhéal déthaobhach agus iltaobhach.

16. Ní mór an gá atá le srianta trádála a sheachaint agus inbhuanaitheacht agus dintiúir chomhshaoil thalmhaíocht an Aontais a chosaint i gcomhar le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, agus a thábhachtaí atá tosaíochtaí eile de chuid an Aontais, go háirithe maidir le cur chun cinn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 agus phrionsabail Chomhaontú Pháras, a chur san áireamh.